CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/627 ÓN gCOIMISIÚN

an 15 Aibreán 2021

lena leagtar síos rialacha maidir le coinneáil agus rochtain na logaí sa Chóras Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) de bhun Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meán Fómhair 2018 lena mbunaítear Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1077/2011, (AE) Uimh. 515/2014, (AE) 2016/399, (AE) 2016/1624 agus (AE) 2017/2226 ([1]), agus go háirithe Airteagal 73(3), an tríú fomhír, pointe (b)(iii) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2018/1240 bunaítear an Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil ("ETIAS") i gcomhair náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaithe ón gceanglas víosa a bheith ina seilbh acu chun teacht isteach agus fanacht i gcríoch na mBallstát.

(2) Is gá Córas Faisnéise ETIAS a fhorbairt agus a chur chun feidhme go teicniúil chun an Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil a oibriú. Beidh logaí sa chóras ina ndéanfar taifead ar na hoibríochtaí próiseála sonraí uile a dhéantar.

(3) Is gá rialacha a leagan síos maidir le logaí a choinneáil agus a rochtain. Níor cheart logaí a úsáid ach amháin chun comhlíonadh na n-oibleagáidí próiseála sonraí a fhíorú agus chun sláine agus slándáil na sonraí pearsanta oibríochtúla a áirithiú.

(4) Maidir le logaí a choinneáil, is gá sonrú a dhéanamh ar an suíomh ina bhfuil siad le stóráil, ar an tslí ina bhfuil siad le taifeadadh go teicniúil, lena n-áirítear i gcás ina dtiocfaidh siad as comhpháirteanna éagsúla den Chóras Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil, chomh maith leis na rialacha is infheidhme maidir leis na logaí a scriosadh tar éis dheireadh a dtréimhse coinneála.

(5) Maidir le logaí a rochtain, is gá na húdaráis inniúla a shonrú lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, na daoine laistigh de na húdaráis sin ar cheart rochtain ar na logaí a dheonú dóibh agus na críocha ar chucu a fhéadfar rochtain a fháil orthu. D'fhonn a áirithiú go mbeidh na húdaráis inniúla in ann a ndualgais a chomhlíonadh, ar mhaithe le faireachán a dhéanamh ar inghlacthacht na próiseála sonraí agus le slándáil agus sláine sonraí a áirithiú, ba cheart sainaithint logaí a éascú trí bhíthin feidhm chuardaigh éifeachtach.

(6) I dtaca le logaí ina dtaifeadtar rochtain ag foireann chuí-údaraithe na n-údarás náisiúnta i ngach Ballstát agus ag foireann chuí-údaraithe ghníomhaireachtaí an Aontais chun na gcríoch dá dtagraítear in Airteagal 13(4a) de Rialachán (AE) 2018/1240, ba cheart na logaí sin a choinneáil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 24(2) agus (3) de Rialachán (AE) 2019/817.

(7) Is í Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais ("eu-LISA") atá freagrach as céim dheartha agus forbartha Chóras Faisnéise ETIAS. Ba cheart go gcuirfeadh na bearta a leagtar síos leis an gCinneadh seo ar chumas eu-LISA dearadh ailtireacht fhisiceach an Chórais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil a shainiú, lena n-áirítear bonneagar cumarsáide agus sonraíochtaí teicniúla an chórais, agus ba cheart go gcuirfeadh na bearta céanna ar chumas eu-LISA an córas sin a fhorbairt. Ba cheart do Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais na bearta sin a chur i gcrích de réir na Sonraíochtaí Teicniúla agus an Doiciméid um Rialú Comhéadain a bhaineann leis an gCóras Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil.

([1]) IO L 236, 19.9.2018, lch. 1.

(8) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ní raibh an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh Rialachán (AE) 2018/1240 agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm. Ós rud é, áfach, go gcuireann Rialachán (AE) 2018/1240 le *acquis* Schengen, thug an Danmhairg fógra an 21 Nollaig 2018, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Phrótacal sin, maidir lena cinneadh Rialachán (AE) 2018/1240 a chur chun feidhme ina dlí náisiúnta.

(9) Is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle ([2]); dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(10) Maidir leis an Íoslainn agus leis an Iorua, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt ([3]), ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe A de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle ([4]).

(11) Maidir leis an Eilvéis, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt ([5]), ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe A de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/146/CE ón gComhairle ([6]).

(12) Maidir le Lichtinstéin, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt ([7]), ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe A de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/350/AE ón gComhairle ([8]).

(13) Maidir leis an gCipir, an Bhulgáir, an Rómáin agus an Chróit, is é atá sa Chinneadh seo gníomh atá ag cur le *acquis* Schengen nó atá gaolmhar leis ar bhealach eile, de réir bhrí Airteagal 3(1) d'Ionstraim Aontachais 2003, Airteagal 4(1) d'Ionstraim Aontachais 2005 agus Airteagal 4(1) d'Ionstraim Aontachais 2011 faoi seach.

(14) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]) agus thug sé tuairim uaidh an 4 Meán Fómhair 2020.

([2]) Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20).

([3]) IO L 176, 10.7.1999, lch. 36.

([4]) Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socruithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.7.1999, lch. 31).

([5]) IO L 53, 27.2.2008, lch. 52.

([6]) Cinneadh 2008/146/CE ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008, lch. 1).

([7]) IO L 160, 18.6.2011, lch. 21.

([8]) Cinneadh 2011/350/AE ón gComhairle an 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt a mhéid a bhaineann le seiceálacha ag na teorainneacha inmheánacha a dhíothú agus le gluaiseacht daoine (IO L 160, 18.6.2011, lch. 19).

([9]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

(15) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Theorainneacha Cliste,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Logaí d'oibríochtaí próiseála sonraí a choinneáil

1. I dtaca le logaí na n-oibríochtaí próiseála sonraí uile laistigh de Chóras Faisnéise ETIAS atá le coinneáil i gcomhréir le hAirteagal 69(1) de Rialachán (AE) 2018/1240, lena n-áirítear logaí a bhaineann le rochtain ag iompróirí dá bhforáiltear in Airteagal 45(7), ag údaráis teorann agus údaráis inimirce dá bhforáiltear in Airteagal 69(3) de Rialachán (AE) 2018/1240 agus ag na lárphointí rochtana dá bhforáiltear in Airteagal 70(1) de Rialachán (AE) 2018/1240, is í Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais a dhéanfaidh na logaí sin a thaifeadadh agus a stóráil i Lárchóras ETIAS.

2. Déanfar gach oibríocht próiseála sonraí laistigh de chóras faisnéise ETIAS a thaifeadadh mar iontráil loga ar leithligh.

Beidh réimse ar leith ag an iontráil loga lenar féidir na sonraí a bhaineann leis an oibríocht arna déanamh a shainaithint.

3. Déanfar an iontráil loga a thaifeadadh le ham agus dáta gach oibríochta próiseála sonraí ("stampa ama").

4. Stórálfar i ngach iontráil loga aitheantas uathúil an údaráis chomh maith le haitheantas uathúil an oifigigh nó an bhaill foirne a dhéanann rochtain a fháil ar na sonraí atá stóráilte i Lárchóras ETIAS, nó a dhéanann na sonraí sin a leasú nó a léirscriosadh.

5. Scriosfaidh Lárchóras ETIAS iontrálacha loga ar bhonn laethúil i gcomhréir leis na tréimhsí coinneála dá bhforáiltear in Airteagal 45(7), Airteagal 69(4) agus Airteagal 70(4) de Rialachán (AE) 2018/1240.

Úsáidfear stampa ama ionas go sainaithneofar na hiontrálacha loga atá le scriosadh ag deireadh na tréimhse coinneála ábhartha le haghaidh gach cineál loga.

Airteagal 2

Rochtain ar logaí oibríochtaí próiseála sonraí

1. Beidh rochtain ar na logaí a choimeádann Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais de bhun Rialachán (AE) 2018/1240 teoranta do na daoine seo a leanas:

(a) riarthóirí cuí-údaraithe ETIAS de chuid Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais, agus Oifigeach Cosanta Sonraí chun na gcríoch dá dtagraítear in Airteagal 58(2) de Rialachán (AE) 2018/1240 agus go háirithe chun comhlíonadh Airteagal 69(4) den Rialachán sin a áirithiú;

(b) foireann chuí-údaraithe agus Oifigeach Cosanta Sonraí na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta, chun na gcríoch a leagtar síos in Airteagail 7(2)(e) agus 61 de Rialachán (AE) 2018/1240 agus chun dlíthiúlacht na próiseála sonraí, na sláine sonraí agus na slándála a áirithiú;

(c) foireann chuí-údaraithe agus Oifigigh Cosanta Sonraí ó Aonaid Náisiúnta ETIAS, chun na gcríoch dá dtagraítear in Airteagal 57(2).

2. An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta inniúla a bhfuil na feidhmeanna maoirseachta dá dtagraítear in Airteagail 66 agus 67 de Rialachán (AE) 2018/1240 á gcur i gcrích acu, beidh rochtain acu ar na logaí arna iarraidh sin ar eu-LISA nó ar Aonaid Náisiúnta ETIAS.

3. Beifear in ann na hiontrálacha loga agus na réimsí sonracha atá taifeadta i Lárchóras ETIAS, i gcomhréir le hAirteagal 1, a chuardach trí thagairt a dhéanamh, ar a laghad, don údar, do dháta na rochtana nó do chineál na hoibríochta próiseála.

4. Chun críocha Airteagal 45(5) agus (7) de Rialachán (AE) 2018/1240, maidir leis na logaí sin is gá chun díospóid a eascraíonn as cur i bhfeidhm an Airteagail sin a réiteach, féadfaidh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais na logaí sin a tharchur chuig Aonaid Náisiúnta ETIAS ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) gur chuir an tAonad Náisiúnta ETIAS lena mbaineann iarraidh shainráite réasúnaithe ar na logaí sin faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta ina cháil mar rialaitheoir sonraí de réir bhrí na chéad abairte d'Airteagal 57(1) den Rialachán sin.

(b) go ndearna an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta an iarraidh a fhíorú agus a fhormheas.

5. Beidh logaí lena dtaifeadtar rochtain ar na logaí dá dtagraítear i mír 1 inrianaithe ar a laghad de réir an údair nó de réir an dáta rochtana.

6. Beidh logaí lena dtaifeadtar rochtain ar na logaí dá dtagraítear i mír 1 inchuardaithe ar a laghad trí thagairt a dhéanamh don údar, do dháta na rochtana nó do chineál na hoibríochta próiseála.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 15 Aibreán 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN